NCSE 03/2010

Treoirlínte do Phríomhoidí na Scoileanna Speisialta maidir le leithdháileadh Teagaisc agus Acmhainní SNA don Bhliain Acadúil 2010/11

1. Réamhrá

Tá sé mar chuspóir ag an gciorclán seo an próiseas a leagan amach a bhaineann le leithdháileadh teagaisc ranga agus acmhainní SNA don NSCE ar scoileanna speisialta maidir leis an mbliain acadúil 2010/11. Ba cheart é a léamh in éineacht le Ciorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna 0038/2010, a thugann comhairle do na scoileanna speisialta ar pharaiméadair pholasaí agus ar na socruithe idirthréimhseacha a bheidh i bhfeidhm i dtaca leis an mbliain acadúil 2010/11.

2. Cur i bhfeidhm Pharaiméadair Pholasaí na Roinne Oideachais agus Scileanna

Ó mhí Eanáir 2005, bhí an NCSE freagrach as leithdháileadh teagaisc acmhainní agus post SNA ar scoileanna, agus chomhlíon sé an fheidhm seo de réir pholasaí na Roinne.

Dá réir sin gach aon bhliain, le linn na tréimhse idir Aibreán agus Meitheamh de ghnáth, bíonn iarratais curtha isteach ag scoileanna le haghaidh acmhainní i dtaca leis an gcohórt nua leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a bheidh ag clárú sa scoil sa Mheán Fómhair ina dhiaidh sin. Dearbhaíonn an SENO áitiúil, ag feidhmiú ar son an NCSE, leibhéal na n-acmhainní le leithdháileadh ar an scoil do Mheán Fómhair 2010, trí na himthosca seo a leanas a chur san áireamh

- leibhéal na n-acmhainní atá riachtanach chun freastal ar riachtanais na leanaí a bheidh cláraithe sa scoil i 2010/11
- leibhéal na n-acmhainní atá riachtanach chun freastal ar riachtanais na leanaí a bhfuil SEN acu a bheidh cláraithe i Meán Fómhair atá le teacht
- leibhéal na n-acmhainní atá curtha ar fáil mar thoradh ar leanaí ag fágáil na scoile i Meitheamh 2010
- i ndáil le tacaíocht SNA, sa chás go mbeidh leibhéal d'acmhainní SNA curtha ar fáil mar gheall ar riachtanais chúraim laghdaitheacha na leanaí a bhfuil SEN acu.

Mar atá luaite thuas, tá riachtanas ag an NCSE a dhualgas reachtúil a chomhlíonadh i dtaca le hacmhainní a chur ar fáil do scoileanna, de réir pholasaí na Roinne Oideachais & Scileanna. Tá riachtanas ag an NCSE freisin féachaint d'Alt 2 den Acht EPSEN, a éilíonn go bhfaigheann leanbh a bhfuil riachtanais oideachais speisialta aige/aici oideachas i dtimpeallacht chuimsitheach, seachas sa chás go bhfuil cineál agus céim riachtanais an linbh ar an dóigh sin a bheadh neamh-chomhsheasmach le leasanna an linbh nó le soláthar éifeachtach oideachais do leanaí a bheadh le hoiliúint in éineacht leo.

3. Leibhéal Teagaisc agus Tacaíochtaí SNA do 2010/11 a dhearbhú

Maidir le scoileanna speisialta, beidh na míreanna seo a leanas i bhfeidhm.

Poist Teagaisc

Déanann Alt 6 de Chiorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna 0038/2010 tagairt do shocruithe reatha foirne i scoileanna speisialta. Fuair an NCSE údarú an leibhéal reatha de phoist teagaisc ranga a choinneáil sa scoil don bhliain scoile 2010/11, agus líon beag eisceachtaí ann a bhaineann go príomha le scor na múinteoirí. Tá an lamháltas seo ar choinníoll go mbeidh scoileanna sásta tuilleadh daltaí a chlárú atá faoi mhíchumas diagnóisithe agus a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu atá cosúil lena gcohóirt daltaí reatha le linn na bliana scoile, ar atreorú ón SENO.

Chun cúrsaí a shoiléiriú, deimhneoidh an NCSE i scríbhinn, líon na múinteoirí ranga atá le leithdháileadh, de réir phróifíl na leanaí cláraithe sa scoil a bhfuil SEN acu, don bhliain acadúil 2010/11, mar aon le líon na múinteoirí ranga barrachais. Dearbhófar an staid i dtaca le múinteoirí ranga breise roimh dheireadh na bliana acadúla 2010/11, i bhfianaise na ndíospóireachtaí a ndearnadh tagairt dóibh in alt 4 de chiorclán na Roinne.

Poist SNA

Mar thoradh ar athbhreithniú a rinneadh ar phoist SNA ar na mallaibh, bhí leibhéal toilithe leithdháilte SNA do gach scoil athbhreithnithe le linn na bliana scoile 2009/10. Dearbhófar an leithdháileadh don bhliain scoile 2010/11 ag cur na n-imthosca atá leagtha amach in alt 2 thuas san áireamh. Ionas gur féidir leis an SENO leibhéal iomchuí acmhainní SNA a fhaomhadh, beidh ar an scoil speisialta a chur isteach chuig an SENO

- Liosta na leanaí sin a fhágfaidh an scoil i Meitheamh, dá bhforáiltear in Aguisín 5 de threoirlínte do scoileanna (NCSE 01/10), a eisíodh i bhFeabhra seo caite. Is féidir na treoirlínte a rochtain ar www.ncse.ie

- Mionsonraí i dtaca leis na leanaí sin atá ina n-iontrálaithe nua i Meán Fómhair 2010 mar atá leagtha amach i rannán 4 thíos.

4. Fógra i dtaobh Clárúchán Nua chuig SENO

Luann Ciorclán 0038/2010 gur ceart do scoileanna speisialta tuarascálacha gairmiúla a sholáthar láithreach bonn dá SENO i dtaca le gach leanbh a chláraíonn don bhliain scoile 2010/11. Leagann Aguisín 1 den chiorclán DES amach na cóimheasa dalta-múinteora agus SNA-ghrúpa ranga do scoileanna speisialta agus ranganna speisialta. I bhfianaise gur leagadh amach cheana féin an staid maidir le socruithe idirthréimhseacha le haghaidh tacaíochtaí teagaisc do scoileanna speisialta, ní bheidh ar na scoileanna sin iarratas a chur isteach le haghaidh tacaíochtaí SNA do 2010/11 ach i dtaca leis na leanaí a chláróidh sa scoil.

Dá bhrí sin, ba cheart do scoileanna speisialta iarratas a sheoladh ar aghaidh le haghaidh tacaíochta SNA chuig an SENO, le toiliú na dtuismitheoirí/caomhnóirí, mar atá leagtha amach in *Aguisín A.* Ba cheart go seolfaí na tuarascálacha gairmiúla ábhartha isteach leis an iarratas, a leagfaidh amach diagnóis an mhíchumais, agus a shoiléireoidh an fáth nach bhfuil an leanbh ag clárú i suíomh príomhshrutha. Eiseofar cinneadh an SENO san fhormáid atá in *Aguisín B.* Má tá socruithe iompair speisialta de dhíth ar an leanbh, ba chóir don scoil an t-iarratas ábhartha a chomhlánú, mar atá leagtha amach in *Aguisín C.* Ba cheart do scoileanna tabhairt dá n-aire go soláthraítear le polasaí na Roinne Oideachais & Scileanna go ndéanfar measúnú ar iompar má fhreastalaíonn an dalta ar an scoil is cóngaraí atá in ann freastal ar na riachtanais speisialta atá aige/aici. Tá cóipeanna breise de na foirmeacha iarratais seo ar fáil ar láithreán gréasáin an NCSE www.ncse.ie

Tábhachtach: Níor chóir iarratais a chur isteach go dtí gur dhearbhaigh an scoil go mbeidh an leanbh cláraithe sa scoil i Meán Fómhair atá le teacht. Tá ábharthacht áirithe leis seo má théann líon na n-iarratas le haghaidh áiteanna thar líon na n-áiteanna atá ar fáil. Sna cásanna sin, ní mór d' údaráis na scoile na leanaí sin a bheidh cláraithe a dhearbhú sula seolfar iarratais ar aghaidh chuig an SENO le haghaidh tacaíochtaí.

I roinnt cásanna, de bharr líon na ndaltaí a chláraíonn sa scoil, is féidir go mbeidh roinnt áiteanna sa scoil nach bhfuil líonta (m.sh. nuair a léiríonn an PTR go bhfuil áit ar fáil). Faoi na himthosca sin, seans go mbeadh an SENO ag iarraidh plé a dhéanamh leis an scoil ar an staid a bhaineann le clárúcháin bhreise chun na cóimheasa foirne atá leagtha amach in Aguisín 1 de Chiorclán 0038/2010 a shásamh.

Ba cheart do scoileanna dul i dteagmháil lena SENO láithreach chun an fhaisnéis thuas a sheoladh ar aghaidh maidir le clárúcháin nua do 2010/11.

Teagmháil leis an NCSE i dtaca le cohórt scoile 2010/11

Iarrtar le hAlt 4 de Chiorclán 0038/2010 go dtéann gach scoil i dteagmháil leis an NCSE faoi 1 Meán Fómhair atá le teacht, chun an staid a bhaineann le clárú na ndaltaí a bhfuil SEN acu, atá taobh amuigh d'ainmniú oifigiúil na scoile, a dhéanamh foirmiúil. Ba cheart duit, mar sin, dul i dteagmhail le do SENO agus cur in iúl dó/di staid reatha na scoile ionas go mbeidh tuiscint soiléir ann maidir le cohórt na ndaltaí atá le clárú ag an scoil sa todhchaí.

Sé Goulding
Príomh-Oifigeach
June 2010

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

Aguisín A

Iarratas Dalta Scoile Speisialta le haghaidh Tacaíochta SNA

A. **SONRAÍ AN DALTA**

Ainm an Dalta: _____ **INSCNE F/B**_____

Seoladh Baile an Dalta: _____

PPSN: _____ **Dáta Breithe:** _____ **Dátá Cláraithe Ionchais** _____

Catagóir de Mhíchumas Measúnaithe: _____

Ainmniú Ranga/Scoile: _____

Moladh Gairmiúil le haghaidh socraithe neamh-phríomhshrutha **tá** ☐ **níl** ☐

Más ar chúis eile seachas moladh gairmiúil é an clárú, soiléirigh le do thoil m.sh. rogha tuistí

_____

_____

B. **SONRAÍ NA SCOILE**

Ainm na Scoile: _____

Seoladh na Scoile: _____

Uimh. Rolla: _____ **Uimh. Ghutháin:** _____

Ainm an Phríomhoide: _____

C. **TACAÍOCHT**

Ní mheasfar tacaíocht SNA atá thar an leibhéal atá leagtha amach i gCiorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna 0038/2010 (Aguisín 1) ach faoi na himthosca is eisceachtúla amháin.
Más mian leat iarratas le haghaidh breathnaithe a chur isteach, léirigh sin thíos le do thoil:

An bhfuil tacaíocht SNA riachtanach don leanbh seo atá thar an méid sin atá leagtha amach don scoil de réir chiorclán Oideachais agus Scileanna na Roinne 0038/2010 agus atá mionsonraithe i dtuarascálacha gairmiúla? ☐ **Tá/Níl**

D. **TOILIÚ Ó THUISMITHEOIRÍ/CAOMHNÓIRÍ**

Deimhním/Deimhnímid, an duine/na daoine thíos-sínithe, mar thuismitheoir(í)/caomhnóir(í) an dalta thuasluaite

gur pléadh an t-iarratas seo liom/linn agus go dtugaim/dtugaimid toiliú don scoil iarratas a chur isteach le haghaidh seirbhísí tacaíochta atá sainaitheanta thuas.

Tuigim/Tuigimid go gcoinneofar an fhaisnéis go léir a bhaineann leis an iarratas seo ar comhad, agus go gcuirfear ar fáil í don SENO/an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

Sínithe: _____ **Dáta:** _____

Ainm (I mBloclitreacha): _____**Uimhir Ghutháin Theagmhála:** _____

E. **DEARBHÚ AN PHRÍOMHOIDE**

Deimhním leis seo

Gur thug tuismitheoirí toiliú faisnéiseach an t-iarratas seo a dhéanamh ar son a linbh

go bhfaigheann an t-iarratas seo tacú ó Chathaoirleach Bhord Bainistíochta na Scoile.

gur tugadh measúnú iomlán d'aon seirbhísí tacaíochtaí atá sa scoil cheana féin agus an t-iarratas seo á dhéanamh agus go bhfuil gach doiciméad riachtanach ceangailte, tuarascálacha gairmiúla san áireamh.

Sínithe: _____ **Dáta:** _____

(Príomhoide)

Dáta faighte: ÚSÁID SENO AMHÁIN

NCSE Sp Cl

Aguisín B

Fógra NCSE chuig an Scoil
Cinneadh ar Iarratas Dalta

Ainm an Dalta:	**Dáta Breithe:**	**PPSN:**
Catagóir de Mhíchumas Measúnaithe:		
Scoil:	**Príomhoide:**	
Seoladh:		
Uimhir Rolla:		
Ainmniú Scoile Speisialta:		

Comhlíonann na tuarascálacha gairmiúla a sholáthair an scoil i dtaca leis an dalta thuas an critéar le haghaidh diagnóise de _____

Tá an fhaisnéis seo a leanas ar na tuarascálacha gairmiúla soláthraithe a leagann amach cén fáth nach mbeadh suíomh scoile príomhshrutha iomchuí don dalta seo

_____

_____

_____

_____

Rochtain ar thacaíocht ó Chúntóir Riachtanas Speisialta

☐ Níl Níl míchumas diagnóisithe ann

☐ Tá Rochtain ar thacaíocht mar atá leagtha amach i gciorclán DES 03/2010 Aguisín 1

☐ Tá Tacaíocht SNA bhreise mar seo a leanas_____

Dáta le haghaidh Athbhreithnithe:

Sínithe: _____ Dáta: _____

Limistéar SENO:

cc: Comhad dalta

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

Aguisín C

Foirm Iarratais le haghaidh Iompair Scoile. Bunscoil/Iar-Bhunscoil/Scoil Speisialta.

A. **SONRAÍ AN DALTA**

Ainm an Dalta: _____ **Inscne (F/B):** _____

Seoladh Baile an Dalta: _____

PPSN: _____ **Dáta Breithe:** _____

Dáta Cláraithe sa Scoil: _____ **Rang Reatha:** _____

Catagóir de Mhíchumas Measúnaithe:
_____

B. **SONRAÍ NA SCOILE**

Ainm na Scoile: _____

Seoladh na Scoile: _____

Uimhir Rolla: _____ **Uimhir Ghutháin:** _____

Ainm an Phríomhoide:
_____

C. **TOILIÚ Ó THUISMITHEOIR/CAOMHNÓIR**
(le comhlánú i ngach cás)

Deimhním/Deimhnímid, an duine/na daoine thíos-sínithe, mar thuismitheoir(í)/caomhnóir(í) an dalta thuasluaite, gach ceann de na míreanna seo a leanas:

Phléigh mé/Phléamar an t-iarratas seo le Príomhoide na scoile thuasluaite agus tugaim/tugaimid toiliú do scoil iarratas a chur isteach le haghaidh iompair scoile.
Tuigim/Tuigimid go gcoinneofar an fhaisnéis go léir a bhaineann leis an iarratas seo ar comhad, agus go gcuirfear ar fáil í don Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE).
Tuigim/Tuigimid go gcuirfidh an NCSE an fhoirm iarratais seo ar aghaidh chuig an Roinn Iompair Scoile, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, a dhéanfaidh cinneadh i dtaca le soláthar iompair agus a dhéanfaidh iarracht a chinntiú, trí Bhus Éireann, go soláthrófar leibhéal réasúnta de sheirbhís iompair do mo/dár leanbh*****.
Tuigim/Tuigimid, má tharlaíonn go ndearbhaítear go bhfuil scoil ar fáil atá níos cóngaraí do bhaile mo linbh/ár linbh le freastal ar riachtanais speisialta mo linbh/ár linbh, nach bhfuil aon dualgas ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta seirbhís iompair a shocrú nó costais a íoc do shocruithe iompair príobháideacha chuig aon scoil eile.

Sínithe: _____ **Dáta:** _____

Ainm (I mBloclitreacha): _____

Uimhir ghutháin theagmhála Thuismitheoir(í)/Chaomhnóir(í):
_____

***** Féach téarmaí Scéim Iompair Scoile do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta acu.

Dáta faighte: ÚSÁID SENO AMHÁIN

D. **DEARBHÚ AN PHRÍOMHOIDE**

Deimhním leis seo:

go bhfuil an dalta thuasluaite le clárú sa scoil seo, nó go bhfuil sé/sí cláraithe cheana féin.
gur phléigh mé an t-iarratas seo le tuismitheoirí/caomhnóirí an iarratasóra agus
go bhfaigheann an t-iarratas seo tacú ó Chathaoirleach Bhord Bainistíochta na scoile.

Cuir aon fhaisnéis atá agat ar fáil le do thoil a d'fhéadfadh a bheith mar chabhair chun an cineál iompair atá de dhíth a dhearbhú.

Sínithe: _____ **Dáta:** _____

E. **TUARASCÁIL ÓN EAGRAÍ UM OIDEACHAS SPEISIALTA (SENO)**

Chomhlíon an tuarascáil/na tuarascálacha curtha isteach critéar na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

☐ Chomhlíon
☐ Níor chomhlíon

Is í an scoil atá ainmnithe ag rannán B an scoil is cóngaraí do bhaile an linbh atá ar fáil chun freastal ar riachtanais speisialta an linbh faoi chritéar na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

☐ Is í
☐ Ní hi - *más amhlaidh atá, cad é an bonn ar a ndearnadh an t-iarratas seo (m.sh. rogha tuistí)*

Léiríonn tuarascálacha gairmiúla agus/nó faisnéis soláthraithe ag údarás ábhartha na scoile go mbeidh na míreanna seo a leanas de dhíth ar an dalta seo

☐ Coimhdire,
☐ Rochtain do chathaoir rothaí,
☐ Úim,
☐ Eile (m.sh. sainfheithicil). (Tabhair sonraí le do thoil):

Tabhair faisnéis bhreise anseo (má tá faisnéis bhreise agat) le do thoil atá ábhartha don iarratas seo.

Sínithe: _____ **Dáta:** _____

Limistéar SENO: _____

Nótaí Breise do SENOanna i dtaca le Cinntí á n-eisiúint do Scoileanna Speisialta don Bhliain Acadúil 2010/11

Aguisín B – cinneadh ar iarratas dalta do rochtain ar thacaíocht SNA

Comhlánú na foirme cinnidh

Agus an fhoirm chinnidh á comhlanú le seoladh ar ais chuig an scoil, níor chóir ach trí cinn de na boscaí a thiceáil do gach iarratas,

Níor chóir an 1ú bosca a thiceáil ach más cinneadh é gan rochtain ar thacaíocht SNA a thabhairt de bharr nach bhfuil diagnóis mhíchumais ann

Níor chóir an 2ú bosca a thiceáil ach más cinneadh é gur leor leibhéal na tacaíochta SNA atá tugtha don rang de réir Aguisín 1 de Chiorclán DES 0038/2010 chun freastal ar riachtanais an dalta

Níor chóir an 3ú bosca a thiceáil ach más cinneadh é nach leor leibhéal na tacaíochta SNA atá tugtha don rang de réir Aguisín 1 de Chiorclán DES 0038/2010 chun freastal ar riachtanais an dalta agus go bhfuil tacaíocht bhreise riachtanach. Sna cásanna seo, d'fhéadfadh rochtain ar thacaíocht bhreise SNA tugtha don rang a bheith ag an dalta más gá (m.sh. sa chás gur tugadh 3 SNA do rang ina bhfuil 5 dalta ASD agus go gcláraíonn an 6ú dalta sa rang agus rochtain ar an 3ú SNA aige/aici).

Saincheisteanna maidir le Poist Teagaisc

Múinteoirí Barrachais

Eiseoidh an NCSE, tríd an SENO, litir a luann leibhéal leithdháilte an teagaisc ranga le bheith i bhfeidhm, bunaithe ar phróifíl na ndaltaí (<u>ní ar ainmniú na scoile)</u> atá cláraithe don bhliain scoile 2010/11. Luann Rannán 4 de Chiorclán na Roinne Oideachais & Scileanna 0038/2010 go mbeidh socruithe idirthréimhseacha i bhfeidhm i dtaca le leibhéal na bpost teagaisc ranga barrachais, faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach in alt 4 den rannán seo. Dá bhrí sin, mionsonróidh an litir NCSE (cóip iniata mar cheangaltán i r-phost) leibhéal na bpost teagaisc barrachais.

I gcás scoile ina bhfuil leanaí a bhfuil níos mó ná míchumas amháin acu agus is ard-tarlú é míchumas amháin (m.sh. MGLD agus ASD) beidh an PTR níos ísle i bhfeidhm, is é sin 6:1 agus ní 11:1 chun an barrachas a ríomh. Ní chiallaíonn sé sin gur gá na leanaí a shruthú ar an dóigh seo mar is dócha go leanfaidh oideachas na leanaí seo ar aghaidh i suíomh ranga in éineacht le leanaí a bhfuil MGLD acu.

Múinteoirí Eile m.sh. Múinteoirí Ábhair/Riarachán/Príomhoide

Níl an NCSE freagrach faoi láthair as leithdháileadh múinteoirí i scoil speisialta, seachas múinteoirí ranga, dá bhforáiltear in Aguisín 1 de Chiorclán 0038/2010. Má tá ceist ag scoil speisialta maidir le múinteoir nach é/í an múinteoir ranga , ba cheart dóibh dul i dteagmháil leis an Roinn Oideachais & Scileanna, Roinn an Oideachais Speisialta i mBaile Átha Luain.

Conarthaí Múinteora

Níl ról ag an NCSE maidir le cineál agus méid na gconarthaí múinteora. Is cosúil go bhfuil roinnt múinteoirí i bpoist sealadacha i scoileanna speisialta agus i ranganna speisialta, agus d'fhéadfadh na poist sin a bheith buan anois. Ba chóir don scoil aon cheisteanna dá leithéid a chur faoi bhráid rannóg ábhartha na Roinne, lena rachaidís i dteagmháil de ghnáth i dtaca le saincheisteanna mar sin. Is féidir go mbeidh próifil an ranga de dhíth ar an roinn seo chun inbhuanaitheacht sna blianta atá le teacht a chinntiú, agus cinneadh ar bhuaine an phoist á dhéanamh.

A Phríomhoide, a chara,

Maidir le ciorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna 0038/2010 agus ciorclán na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta 03/2010, deimhním gurb é seo a leanas líon na múinteoirí ranga atá le leithdháileadh i do scoil do 2010/2011:

xxxxx **múinteoir ranga de réir an chiorcláin DES 0038/2010 Aguisín 1**

Agus na socruithe idirthréimhseacha á gcur san áireamh, tá xxxxx post teagaisc ranga barrachais i do scoil.

I dtaca leis sin thuas, tá forálacha Rannáin 4 den chiorclán DES 0038/2010 i bhfeidhm.

Is ar an Roinn atá an fhreagracht maidir le ceisteanna a bhaineann le saincheisteanna teagaisc eile, mar atá, poist teagaisc ábhair, cineál na gconarthaí múinteora srl, mar a bhí roimhe seo.

Má tá ceist ar bith eile agat, ná bíodh moill ort dul i dteagmháil liom.

Is mise, le meas,

Eagraí na Riachtanas Oideachais Speisialta